Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**9691/18**

**JAI 581**
**SIRIS 59**
**CT 107**
**ENFOPOL 298**
**COTER 69**
**COMIX 298**
**FRONT 159**
**COSI 138**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8974/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhar agus an úsáid a neartú i dtaca le Córas Faisnéise Schengen (SIS) i leith daoine a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta<br>- Conclúidí ón gComhairle (4 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhar agus an úsáid a neartú i dtaca le Córas Faisnéise Schengen (SIS) i leith daoine a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, a ghlac an Chomhairle ag an 3622ú cruinniú a bhí aici ar an 4 Meitheamh 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### An comhar agus an úsáid a neartú i dtaca le Córas Faisnéise Schengen (SIS) i leith daoine a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG AITHINT DI go bhfuil méadú agus athrú tagtha go pras ar an mbagairt sceimhlitheoireachta le blianta beaga anuas, rud a cheanglaíonn bearta leordhóthanacha ní hamháin ar leibhéal náisiúnta ach ar leibhéal an Aontais freisin,

AG AITHINT DI, i bhfianaise na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh san Eoraip le blianta beaga anuas, gur gá na hionstraimí a chur chun feidhme go gasta ar leibhéal an Aontais, ionstraimí amhail Treoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac[1], lena gcuirfí na huirlisí iomchuí ar fáil d'údaráis náisiúnta na mBallstát chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus an luach breise a bhaineann le patrún agus naisc na ndaoine sin a shainaithint a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus trodaithe eachtracha fillte, bunaithe ar amais SIS,

AG CUR SAN ÁIREAMH DI go sainaithnítear mar thosaíocht do na blianta atá le teacht sna conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis athnuaite slándála inmheánaí an Aontais Eorpaigh 2015-2020[2], agus aird ar leith á tabhairt ar shaincheist na dtrodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, go rachfaí i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus go ndéanfaí í a chosc,

AG CUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI go ndéantar foráil le Rialachán (AE) 2017 an 15 Márta 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 a mhéid a bhaineann le hathneartú seiceálacha sna bunachair sonraí ábhartha ag teorainneacha seachtracha[3], do sheiceálacha córasacha a dhéanamh i mbunachair sonraí ábhartha ar gach duine a thrasnaíonn na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu, go háirithe an comhairliúchán éigeantach le SIS,

---

1 IO L 88, 31.3.2017, lch. 6
2 9798/15
3 IO L 74, 18.3.2017, lch. 1

AG CUR SAN ÁIREAMH DI an luach a baineann le comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha agus comhar atá ann cheana chun cur i gcoinne gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta,

AG AITHINT DI go bhfuil dhá ghné ag baint leis na dúshláin nach mór do na húdaráis aghaidh a thabhairt orthu agus iad ag dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht sa chomhthéacs seo: ar dtús, gluaiseachtaí taistil daoine a bhraitear a bheith páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht thar theorainneacha seachtracha an Aontais agus laistigh den Aontas a shainaithint agus a rianú; anuas air sin, comhroinnt éifeachtach na faisnéise agus glacadh na mbeart ábhartha a áirithiú tuilleadh,

AG MEABHRÚ DI gurb é SIS an córas TF is mó, is mó a úsáidtear agus is éifeachtúla atá ag an Aontas i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, agus go bhfuil líonra na mBiúrónna SIRENE mar chúltaca aige, lena gcuirtear breisluach suntasach ar fáil i réimse an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta agus rialaithe teorann,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur gá an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil a líonadh isteach nuair a chuirtear na foláirimh faoi Airteagal 36 de Chinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle isteach maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (SIS II)[4] ('Airteagal 36' anseo feasta) d'fhonn úsáid níos fearr a bhaint as SIS chun cur i gcoinne na sceimhlitheoireachta,

AGUS É Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI i dtaca leis an Rialachán nua maidir le SIS a úsáid chun críocha comhar póilíneachta agus breithiúnach, atá á chaibidliú faoi láthair[5], go gcuirfeadh sé feabhas breise ar acmhainneacht SIS maidir le gluaiseachtaí taistil daoine a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann le sceimhlitheoireacht a bhrath, le faireachán a dhéanamh orthu agus le freagairt dóibh,

AG MEABHRÚ DI an 'Treochlár chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus ar bhainistiú faisnéise lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta sa réimse a bhaineann le Ceartas agus Gnóthaí Baile'[6], agus go háirithe gníomhaíocht 23 (30) de, lena gcuirtear de cheangal ar na Ballstáit '*ensure that information on FTFs is consistently and systematically uploaded to European systems and platforms, and synchronised where possible*' [a áirithiú go ndéanfaí faisnéis faoi throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a uaslódáil chuig na córais agus na hardáin Eorpacha ar bhonn comhleanúnach córasach agus, más féidir, an fhaisnéis a shioncrónú] trí '*a consistent three-tier information sharing approach regarding FTFs by making optimal and consistent use of SIS and Europol data that Europol processes for cross-checking and for analysis in the relevant Analysis projects*' [chur chuige comhsheasmhach tríchisealach maidir le faisnéis faoi throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a chomhroinnt trí leas níos fearr a bhaint as sonraí SIS agus Europol a ndéanann Europol próiseáil orthu chun tras-seiceáil agus anailís a dhéanamh sna tionscadail ábhartha anailíse] a chur chun feidhme,

---

[4] IO L 205 an 7.8.2007, lch. 63
[5] Féach 15814/16; 14116/17
[6] 12223/3/17 REV3 agus 14750/17 - nuashonrú tar éis na gconclúidí ón gComhairle maidir le hidir-inoibritheacht

AG AITHINT DI le cur chun feidhme cur chuige comhsheasmhach tríchisealach go ndéanfaí na huirlisí atá ann cheana agus atá ar fáil do na húdaráis inniúla a chomhlánú chun cur isteach ar ghluaiseachtaí taistil na ndaoine siúd a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta trí bhíthin na bhfoláireamh ábhartha in SIS, mar shampla: gabháil, doiciméid neamhbhailí taistil a tharraingt siar, seiceálacha discréideacha agus seiceálacha sonracha a dhéanamh,

AG CUR SAN ÁIREAMH DI gur féidir anois, agus ón 5 Márta 2018 i leith, daoine a shainaithint go huathoibríoch ar bhonn a méarlorg, ós rud é go ndearnadh comhpháirt Chóras Uathoibrithe um Shainaithint Méarlorg (*AFIS*) a chomhtháthú in SIS, agus gríosaíonn sí na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhfeidhmiúlacht nua seo,

AG AITHINT DI go bhfuil prionsabal úinéireacht na sonraí ríthábhachtach chun muinín na n-údarás frithsceimhlitheoireachta a áirithiú maidir le faisnéis a chomhroinnt trí SIS agus SIRENE agus le Europol,

AG AITHINT DI an luach a bhaineann le faisnéis iar-amais a mhalartú, i gcás inarb iomchuí, agus chun acmhainneacht leordhóthanach anailíse a áirithiú, agus É Á CHUR I dTREIS AICI go bhfuil gá ní hamháin le rannpháirtíocht ó údaráis inniúla náisiúnta eile chun é sin a bhaint amach ach gur gá tras-seiceáil a dhéanamh i mbunachair sonraí agus córais faisnéise ábhartha eile freisin[7],

AG CUR I dTREIS DI a riachtanaí atá sé lánúsáid a bhaint as acmhainneachtaí Europol chun tacú leis na Ballstáit chun anailísí oibríochtúla agus téamacha a dhéanamh, lena mbainfí lánúsáid as na tionscnaimh anailíse amhail 'Travellers' agus 'Hydra', Córas Faisnéise Europol agus uirlisí eile atá ar fáil do Lárionad Frithsceimhlitheoireachta na hEorpa,

AG CUR SAN ÁIREAMH DI Rialachán (AE) 2016/1624[8] lena sanntar freagrachtaí i réimse na frithsceimhlitheoireachta don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach,

---

[7] Bunachair sonraí náisiúnta ábhartha, sonraí Europol, an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR), *bunachar sonraí Interpol i ndáil le doiciméid atá goidte nó caillte* (SLTD), an córas dul isteach/imeachta a bheidh ann amach anseo (EES) agus *Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil* (*ETIAS*)

[8] IO L 251, 16.9.2016, lch. 1

AG TABHAIRT DÁ hAIRE a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh ann cothroime iomchuí idir riachtanais bheartas slándála inmheánaí an Aontais, ar lámh amháin, agus an gá go gcomhlíonfaí ina n-iomláine na cearta bunúsacha ar an lámh eile, lena n-áirítear na cearta sin a bhaineann leis an bpríobháideachas, le cosaint sonraí pearsanta, le rúndacht cumarsáide, agus le prionsabail an riachtanais, na comhréireachta, agus na dlíthiúlachta, agus le saorghluaiseacht sa limistéar Schengen,

AG MEABHRÚ DI "*Indicative criteria to be taken into consideration regarding exchange and sharing of information on individuals involved in travelling to and from jihadi areas of conflict*" [na critéir tháscacha atá le cur san áireamh maidir le faisnéis a mhalartú agus a chomhroinnt faoi dhaoine aonair atá bainteach le taisteal chuig agus ó limistéir coinbhleachta Jiohádacha] a comhaontaíodh in Iarscríbhinn a ghabhann le conclúidí Milano an 7 Iúil 2014[9],

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a riachtanaí atá sé plé rialta a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar an dea-chleachtas, lena n-áirítear faoi chuimsiú chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle,

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE,

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT:

– Céimeanna iomchuí a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

  – Na bearta a comhaontaíodh cheana a chur chun feidhme ina n-iomláine agus acmhainní teicniúla agus daonna leordhóthanacha a sholáthar chun na críche sin, do na Biúrónna SIRENE go háirithe;

  – catagóirí daoine aonair a léiriú i gceart mar a shainítear in innéacs na Catalóige um Dhea-Chleachtas[10] nuair a bheidh na foirmeacha á líonadh isteach faoi Airteagal 36 de SIS chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac;

---

[9] Féach 7412/16 *Observations of the Presidency, based on earlier discussions, on strengthening Information Exchange/Information Systems, especially SIS* [Barúlacha ón Uachtaránacht, bunaithe ar phlé roimhe sin, maidir le Córais Malartú Faisnéise/Córais Faisnéise, go háirithe SIS, a neartú].

[10] MOLADH ÓN gCOIMISIÚN lena mbunaítear catalóg moltaí agus dea-chleachtas maidir le cur i bhfeidhm cuí an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) agus maidir le malartú faisnéise forlíontaí ag údaráis inniúla na mBallstát a bhfuil SIS II á chur chun feidhme agus á úsáid acu agus lena gcuirtear an catalóg sin in ionad an catalóg arna mbunadh ag moladh an 16 Nollag 2015 (C(2018) 2161 an 17 Aibreán 2018).

- Mura gceanglaítear a mhalairt ar chúiseanna dlíthiúla nó oibríochtúla, a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha faoi dhaoine a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a sholáthar san fholáireamh faoi Airteagal 36 agus ar na foirmeacha SIRENE is iomchuí i ngach cás ábhartha i gcomhréir le Cinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle;

- A áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta/ na húdaráis inniúla náisiúnta a eisíonn an foláireamh agus an Ballstát ina dtarlaíonn an t-amas faisnéis bhreise a mhalartú trí na bealaí iomchuí cumarsáide agus cinneadh a dhéanamh cás ar chás maidir leis an méid faisnéise is ceart a scaipeadh tuilleadh ar na Ballstáit eile, agus prionsabail úinéireacht na sonraí á n-urramú ag an am céanna;

- Leanúint de na hiarrachtaí chun uirlisí agus cláir oiliúna náisiúnta iomchuí a fhorbairt tuilleadh d'úsáideoirí deiridh SIS chun an tuairisciú ar amais maidir le foláirimh Airteagal 36 do bhiúrónna SIRENE a dhéanamh go tapa rianúil;

- Mura gceanglaítear a mhalairt ar chúiseanna dlíthiúla nó oibríochtúla, faisnéis a chomhroinnt le Europol faoi dhaoine a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht atá faoi choinneáil i bhfoirmeacha tuairiscithe amais SIRENE. Cheadófaí leis sin tras-seiceálacha a dhéanamh agus, má mheastar é a bheith iomchuí, anailísí oibríochtúla agus/nó téamacha, d'fhonn leanúint de phatrúin taistil a mhapáil agus/nó anailís a dhéanamh ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith ag an duine aonair/na daoine aonair a suíodh;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

- Nósanna imeachta comhchoiteanna a fhiosrú agus a fhorbairt tuilleadh i gcás amais maidir le daoine a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht lena gceanglaítear 'tuairisciú láithreach';

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

- Dea-chleachtas a chinneadh, agus rannpháirtíocht ghníomhach mar aon le comhaontú shaineolaithe na mBallstát aige, i dtaca le nósanna imeachta leantacha d'amais maidir le daoine a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta faoi Airteagal 36; é sin a ionchorprú i gCatalóg SIS/SIRENE um Dhea-Chleachtas agus Lámhleabhar SIRENE a leasú más gá;

IARRANN SÍ AR EUROPOL AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

– Leas iomlán a bhaint as na cearta rochtana atá aige faoi láthair ar SIS, VIS agus Eurodac chun idir-inoibritheacht a fheabhsú, agus urraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus do cheanglais maidir le cosaint sonraí ag an am céanna;

– A áirithiú go mbeidh QUEST ar fáil do na Ballstáit ar bhonn tráthúil, d'fhonn idir-inoibritheacht a fheabhsú;

– Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun patrúin taistil agus naisc na ndaoine a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhartha a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht a shainaithint agus toradh na n-iarrachtaí sin a roinnt leis na Ballstáit;

IARRANN SÍ AR AN nGNÍOMHAIREACHT EORPACH UM AN nGARDA TEORANN AGUS CÓSTA (FRONTEX) AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

– cláir oiliúna a fhorbairt agus cúrsaí oiliúna a chur ar fáil do ghardaí teorann lena ndíreofaí ar sheiceálacha sna bunachair sonraí ábhartha a athneartú ag na teorainneacha seachtracha agus lena dtacófaí le cur chun feidhme na gcomhtháscairí riosca;

IARRANN SÍ AR CEPOL AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

– Leanúint de chláir oiliúna a fhorbairt d'úsáideoirí deiridh SIS, ar bhonn Lámhleabhar SIRENE agus na Catalóige um Dhea-Chleachtas, faoi dhaoine a bhíonn páirteach i sceimhlitheoireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, ar ábhar foláirimh iad in SIS.